2011. S.24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011*

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*

## 1. PICTIÚIR

***PICTIÚR A.***



(**Foinse:** Commons. Wikimedia.org**)**

***PICTIÚR B.***



(Foinse : artinspiration.org)

***PICTIÚR C.***




Foinse : nmsi www.nmsi.ac.uk

**2. DOICIMÉID**

**DOICIMÉAD 1.**
**Tugann Sir Harold Nicolson cuntas ar an mbreathnú a rinne sé ar shíniú Chonradh Versailles ar an 28 Meitheamh, 1919.**

"Seo linn isteach sa Galerie des Glaces (Halla na Scáthán). Tagann na toscairí isteach ina mbuíonta beaga agus brúnn siad a mbealach go mall suas an pasáiste láir. Tá Wilson agus Lloyd George ina measc siúd is deireanaí a thagann isteach. Suíonn siad ag an mbord i lár báire. Tugann Clemenceau comhartha do na huiséirí. 'Ssh! Ssh!' a deir siadsan. Stopann daoine ag sioscadh agus ní bhíonn le cloisteáil ansin ach casachtach anois agus arís agus siosarnach thirim na gclár. 'Tugtar isteach na Gearmánaigh,' arsa Clemenceau. Tagann beirt ghardaí le slabhraí airgid isteach an doras cúil. Ina ndiaidh aniar tagann ceathrar oifigeach de chuid na Fraince, na Breataine Móire, Mheiriceá agus na hIodáile. Ansin tagann beirt thoscairí na Gearmáine, an Dr. Muller agus an Dr. Bell, iad scoite amach agus dearóil. Tá an ciúnas scanrúil. Coinníonn siad a súile dírithe ar an tsíleáil. Tá dath an bháis orthu. Ní cosúil le hionadaithe stáit bhrúidiúil mhíleata iad. Tá duine díobh tanaí agus caipíní a shúl bándearg. Tá cruth na gealaí ar aghaidh an duine eile agus é cráite. Tá an scéal thar a bheith coscrach.

Ar an bpointe, cuireann Clemenceau isteach ar an gciúnas. 'Tá an seisiún oscailte,' ar seisean de ghlór grágach. 'Táimid anseo chun Conradh Síochána a shíniú.' Ansin téann feidhmeannach sall chuig na Gearmánaigh agus treoraíonn iad chuig an mbord beag ar a bhfuil an Conradh oscailte. Tá teannas le brath go forleathan. Síníonn siad. Téann an chuideachta chun suaimhnis. Seasann na toscairí eile suas duine ar dhuine agus déanann siad scuaine in aice le bord an tsíniúcháin. Go tobann cloistear pléascadh glórach gunnaí ag déanamh cúirtéise; fógraíonn sé do Pháras go bhfuil dara Conradh Versailles sínithe ag an Dr Muller agus ag an Dr Bell. Bhí rabhadh faighte againn go bhféadfadh sé seo leanúint ar feadh trí huaire. Ach beagnach ar an bpointe ba chosúil go raibh an scuaine ag tanú. Ní raibh síniú le déanamh ach ag triúr, ansin ag beirt agus ansin ag duine amháin. Bhí ciúnas ann ar deireadh. 'Tá an seisiún dúnta,' arsa Clemenceau de ghlór grágach. D'fhanamar inár suíocháin fad agus a bhí na Gearmánaigh á dtreorú chun bealaigh mar a bheadh príosúnaigh á dtabhairt ó ghabhann cúirte, a súile dírithe fós ar phointe éigin i bhfad i gcéin uathu."
***www.eyewitnesshistory.com***

**DOICIMÉAD 2**
**Cáineadh Stáit Aontaithe Mheiriceá ar neodracht na hÉireann á léiriú ag an Rúnaí Stáit Cordell Hull le linn an Dara Cogadh Domhanda agus freagra de Valera, Feabhra-Márta 1944.**

## Ó Cordell Hull, 21 Feabhra 1944

Níl na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Rialtas na hÉireann gníomhaíocht spiaireachta na hAise a chosc, á gceistiú againn. Ach ba bhotún a cheapadh nach mbainfeadh cumhachtaí na hAise leas as na dálaí in Éirinn faoi mar atá déanta acu i dtíortha eile. Mar is eol duit, tá oibríochtaí míleata de chuid na Náisiún Aontaithe á n-ullmhú sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann. Is den ríthábhacht nach bhfaigheadh an namhaid eolas fúthu. Ní hamháin go bhfuil rath na n-oibríochtaí sin i mbaol ach beatha na mílte de shaighdiúirí na Náisiún Aontaithe freisin. Iarraimid, mar sin, go nglacfadh Rialtas an hÉireann na céimeanna cuí chun ionadaithe na Gearmáine agus na Seapáine a aistarraingt.…

**Ó Eamon de Valera, 10 Márta 1944**

Ní féidir le Rialtas na hÉireann an t-iarratas seo a chomhlíonadh. Ba chóir go dtuigfeadh Rialtas Mheiriceá go bhféachtar go huilíoch ar dhíbirt ionadaithe stáit choigríche mar chéad chéim i dtreo an chogaidh. Léiríonn neodracht na hÉireann toil aontaithe mhuintir agus Pharlaimint na hÉireann. Is toradh loighciúil é ar stair na hÉireann agus ar chríochdheighilt éigeantais na hÉireann.
Trí fhórsaí láidre cosanta agus breathnaithe a bhunú, trí chinsireacht fhorleathan agus ghéar a dhéanamh ar an bpreas agus ar mhodhanna cumarsáide, agus ar gach bealach eile atá ar ár gcumas, tá iarracht déanta againn cosc a chur le haon sceitheadh eolais trí thír na hÉireann a d'fhéadfadh beatha Briotanach nó sábháilteacht na Breataine a chur i mbaol. Ó tháinig na Stáit Aontaithe isteach sa chogadh tá an cúram barainneach céanna déanta againn de leas Mheiriceá … Má chailleann Meiriceánaigh a mbeatha ní de bharr faillí an stáit seo a tharlóidh sé.

***Foinse: "We Declare Landmark Documents in Ireland's History", Aldous & Puirséil, Quercus, 2008***